
Coláiste Chroí Mhuire
An Spidéal

# Polasaithe Teanga




# Polasaí Gaeilge

## Scoil s'againne

Is scoil bríomhar, spreagúil í Coláiste Chroí Mhuire atá lonnaithe i gceartlár Ghaeltacht Chonamara. Tá muid bródúil as an suíomh lán Ghaeilge láidir atá againn anseo sa scoil agus tuigeann muid go bhfuil an t-ádh orainn pobal óg díograiseach de dhaltaí Gaeltachta a bheith againn. Tá fíor áthas orainn go bhfuil an Scéim ag tabhairt aitheantais don bhféiniúlacht oidhreachta agus chultúrtha fíor speisialta atá againn sa scoil agus sa gceantar agus tá súil againn leanúint ag spreagadh muinín, misneach agus bród i nglún óg na Gaeltachta faoi mar atá déanta againn le hos cionn 70 bliain.

## Ceann scribe

Spriocanna/ Aidhmeanna

1. Pobal láidir a bheith i bhfeidhm chun Gaeilgeoirí óga a chothú, a chaomhnú agus a chosaint anseo sa scoil.
2. Go bhfeidhmeoidh an scoil trí mheán na Gaeilge agus nósmhaireacht labhartha na Gaeilge a chaomhnú i measc phobal na scoile.
3. Grá don Ghaeilge, meas agus tuiscint don Ghaeilge a chothú i measc pobal na scoile ar fad.
4. Na scoláirí a spreagadh an Ghaeilge a thabhairt don chéad ghlúin eile.
5. Cruinneas agus saibhreas teanga a chothú i scríobh agus léamh na Gaeilge, chun go mbeidh ard chaighdeán agus sár líofacht i scríobh, léamh agus labhairt na Gaeilge sa scoil.
6. An polasaí seo a chur i bhfeidhm lámh ar lámh le Polasaí Gaeltachta agus Polasaí na Gaeilge Labhartha i gColáiste Chroí Mhuire ionas go spreagfaidh an teanga cultúr na Gaeilge agus cultúr Gaelach, Gaeltachta sa scoil agus taobh amuigh den scoil.
7. Tacú le daltaí ar bheagán Gaeilge le go mbeidh siad in ann a bheith lán pháirteach i saol acadúil, sóisialta agus cultúrtha na scoile.

## Spreagadh

Teagasc agus foghlaim

Is trí Ghaeilge a mhúintear gach ábhar seachas an Béarla agus teangacha eile, agus cuimsíonn sé sin:

- Teanga an teagaisc
- Teanga na foghlama
- Teanga chumarsáid/ shóisialta an ranga
- Teanga an obair bhaile
- Teanga na dtéacsleabhar
- Teanga an obair ghrúpa agus tionscadail
- Teanga an obair phraiticiúil
- Teanga na dtástálacha/measúnaithe do gach ábhar ach amháin don Bhéarla agus teangacha eile.

Cur chuige cumarsáide

- An Ghaeilge agus an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta a bheith mar phlean feabhsúcháin scoile. Polasaithe na Scéime a chuir i bhfeidhm sa scoil agus polasaithe na Scéime a bheith lárnach i ngnáth shaol na scoile. Chuige sin beidh an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta nó 'Bród' mar a thugann muid air mar mhír buan ar chlár gach cruinniú foirne agus Boird Bainistíochta do shaolré an phlean. Beidh taifead shoiléir i gcuntais agus i miontuairiscí chruinnithe foirne agus cruinnithe Boird.
- Beidh cruinnithe Gucci á n-eagrú leis an nasc mhúinteoir chun glór na ndaltaí a bheith lárnach sa bproiséis.
- Beidh an Ghaeilge mar theanga cumarsáide na scoile- beidh idirghníomhaíochtaí i measc na scoláirí, idir scoláirí agus múinteoirí agus i measc phobal uile na scoile trí Ghaeilge agus dearfach.
- Meabhrófar tábhacht na Gaeilge do phobal uile na scoile go rialta, ag tionól, ar an idirchum, sna Dialann scoile, ar chlár na bhfógraí, ar chlár Gucci, ar VS Ware agus ag seisiúin feasachta.
- Beidh páipéarachas agus comharthaí na scoile go hiomlán trí Ghaeilge. Is trí Ghaeilge amháin a bheidh na nuachtlitreacha agus ábhar shuíomh idirlín agus na meán shóisialta. Tabharfar tús áite don Ghaeilge in aon chomhfhreagras a chuirfear abhaile.

Cur chuige- Teagasc agus Foghlaim

- Leanfaidh muid orainn ar na hábhair churaclaim uile a sholáthar trí mheán na Gaeilge- ag earcú múinteoirí agus ionadaithe ard oilte sna hábhair agus líofa sa nGaeilge a fhreagraíonn do riachtanais foghlama na scoláirí.
- Acmhainní oideachais ar ard chaighdeán trí Ghaeilge a bheith ar fáil do dhaltaí- a spreagfaidh na micléinn agus leanacht leis an deá chleachtais féin chruthaithe más gá. Déanfaidh an scoil infheistíocht ama agus airgead i dtéacsleabhar agus ábhar léitheoireachta cuí a chur ar fáil do dhaltaí. Beidh an Ghaeilge lárnach i gcinnithe múinteoirí maidir le téacsleabhar a roghnú. Ní bheidh aon téacsleabhar i mBéarla dá n-úsáid sna ranganna sóisearacha agus ach amháin i gcásanna fíor eisceachtúla sna ranganna sinsearacha.
- Iarrachtaí leanúnach a dhéanamh timpeallacht fhoghlama a chruthú sna seomraí ranga agus sna dorchlaí atá tacúil ó thaobh na Gaeilge agus na Gaeltachta. Eispéiris físiúil a chruthú chun tacú le saibhriú agus sealbhú na teanga agus a chothóidh agus neartóidh féiniúlacht Ghaeltachta
- Leanfaidh muid le deá chleachtais trasnaithe scileanna atá ar siúl againn ó thaobh imeachtaí Pobail-traschuraclaim atá á reachtáil go hiomlán trí Ghaeilge.
- Tapófar deiseanna chun bealaigh spraíúla agus spreagúla a aimsiú chun daltaí a ghríosadh- ina measc Lá Bród, Ceolchoirm scoile, Drámaíocht, Díospóireacht, Seachtain na Gaeltachta, Seachtain na Gaeilge. Gníomhaíochtaí teanga bhunaithe

- Spreagfar labhairt na Gaeilge agus rannpháirtíocht in imeachtaí trí Ghaeilge.
- Déanfar chuile iarracht úsáid na Gaeilge a chur chun cinn- Ceardlanna scríbhneoireachta, Páirteach gComórtais Liteartha Oireachtas na Gaeilge, drámaíocht, díospóireacht, imeachtaí agus turais.
- Déanfar aithint, measúnú agus grúpáil le 3 ghrúpa úsáideoirí teanga a chruthú ag aithint riachtanais foghlama difriúla- cainteoirí dúchais Gaeilge amháin, Cainteoirí líofa a tógadh le Gaeilge/Béarla agus foghlaimeoirí. Déanfar tacú le cainteoirí Dúchais a bhuanú agus a threisiú agus na foghlaimeoirí a chothú agus a láidriú.
- Déanfar taighde agus eolas bonnlíne a thaifead go rialta chun cur i bhfeidhm na bpolasaithe seo a mheas.
- Beidh daltaí uile na scoile ag tabhairt faoi Shonraíocht T1 agus tacóidh an scoil le daltaí uile na scoile barr a gcumais a bhaint amach sa sonraíocht seo.

## An Meitheal!

Is linne í!

(Ról agus Freagracht)

Daltaí: Tuigeann na daltaí gurb í an Ghaeilge teanga na scoile agus tá siad spreagtha le meoin dearfach a bheith acu i leith na Gaeilge

Coistí- Gucci, Coiste an Ghaelbhrataigh: Tá coistí na Gaeilge labhartha sa scoil tiomanta gach iarracht gur féidir a dhéanamh le pobal láidir Gaeilgeoirí a chruthú agus a chothú. Is deis iontach é piarghríosadh mar seo.

Múinteoirí: Cothóidh na múinteoirí suíomh foghlaim trí Ghaeilge a chabhraíonn le chuile dhalta. Cabhróidh na múinteoirí le tábhacht na Gaeilge labhartha a shoiléiriú do dhaltaí. Beidh na múinteoirí ag cothú Gaeilge sa rang agus in imeachtaí uile na scoile. Earcóidh an scoil múinteoirí atá go hiomlán inniúil ar mhúineadh trí Ghaeilge- gur cainteoirí dúchais iad nó go bhfuil ardchumas acu sa Ghaeilge.

Príomhoide/ Leas-Phríomhoide: Déanfaidh an Bord Bainistíochta, an Príomhoide agus ceannairí na scoile athbhreithniú rialta ar chleachtais na scoile agus forbairt na scoile mar Scoil Ghaeltachta.

Comhordaitheoir Gaeilge, Nasc mhúinteoir Scéime agus Cúntóir teanga: Tá múinteoir le dualgais speisialta ar sceideal na bpostanna ainmnithe mar chomhordaitheoir Ghaeilge sa scoil. Tá nasc mhúinteoir ainmnithe chun comhordnú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Scéim Aitheantais mar Scoil Ghaeltachta sa scoil. Tá ball foirne eile ainmnithe mar chúntóir teanga sa scoil.

Tuismitheoirí agus Caomhnóirí: Braitheann pobal na scoile ar thuismitheoirí agus ar chaomhnóirí le tacaíocht a thabhairt an Ghaeilge a chur chun cinn sa scoil. Tá tús áite ag an nGaeilge in aon chomhfhreagras/ plé le tuismitheoirí agus cothaíonn an scoil dea-chaidreamh chumarsáide i nGaeilge faoin nGaeilge le tuismitheoirí. *Chanel!* (SeanL) Coiste Gaeilge na dTuismitheoirí bunaithe.

An Bord Bainistíochta: Tá an bord freagrach as an bpolasaí a cheadú agus as tacú le hiarrachtaí uile na scoile an Ghaeltacht a chur chun cinn agus a chaomhnú. Feidhmíonn an Bord Bainistíochta go hiomlán trí Ghaeilge agus is í an Ghaeilge teanga oibre an bhoird.

Pleanáil Teanga go háitiúil: Beidh nasc leanúnach cothaithe leis an oifigeach pleanála teanga le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga.